

Ag Taisteal i

dTreo na

hInbhuanaitheachta



Clár na nÁbhar

| | |
|--|-----------|
| <u>Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh</u> | <u>02</u> |
| <u>Beartas Inbhuanaitheachta</u> | <u>04</u> |
| <u>Gníomhartha Inbhuanaitheachta</u> | <u>06</u> |
| <u>2012 — Athbhreithniú</u> | <u>28</u> |
| <u>Ainmniúcháin agus Gradaim</u> | <u>32</u> |
| <u>Ionchur Sóisialta</u> | <u>34</u> |
| <u>Súil Ar Aghaidh</u> | <u>35</u> |

Eagarthóirí Christophe O'Brien agus Martin Doherty

Grianghrafadóireacht Willie Dillon

Dearadh Image Now

Clódóir Perigord Group

Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath © 2013





Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach

Fáilte go Tuairisc Nuashonraithe DAA ar an Inbhuanaitheacht 2013

Sa tuairisc nuashonraithe seo, cuirimid síos ar thiomantas DAA d'oibríochtaí Inbhuanaitheachta, sonraímid réimse iomlán ár ngníomhartha in 2012 i dtaca le hInbhuanaitheacht chomhshaoil agus freagrachtaí sóisialta, agus tugaimid léargas ar na príomhstaitisticí agus ar na príomhfhigiúirí. Léirimid freisin na tionscnaimh atá á gcur i bhfeidhm in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí leis an Inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus le tuilleadh eolais a thabhairt duit faoi na pleananna atá againn le cuidiú leis an bpobal, le paisinéirí, le haerlínte agus leis an bhfoireann leanúint leo *“Ag Taisteal I dTreo na hInbhuanaitheachta”*.

Cad é atá i gceist ag DAA le “Inbhuanaitheacht”?


Is é atá i gceist le *“Inbhuanaitheacht oibríochtúil”* go mbímid ag amharc go leanúnach ar ár ngnó ar dhóigh hiomlánaíoch agus ag déanamh cinntí le cothromaíocht a bhaint amach idir saincheisteanna eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil tríd an Inbhuanaitheacht.

Is é an cuspóir atá againn an Inbhuanaitheacht a chur ag croílár eagrú agus oibriú ár ngnó agus í a bheith mar chuid den chultúr in DAA. Tá fáthanna praiticiúla leis sin. Is straitéis chumhachtach é múnla gnó atá bunaithe ar an Inbhuanaitheacht agus tá a leithéid ábhartha i dtéarmaí tráchtála. Chomh maith leis sin, chítear dúinn gur beart freagrach é.

Kevin Toland

Príomhfheidhmeannach

Inbhuanaitheacht
Eolas Grafach



Ionad Fuinnimh



DON'T PRINT EVERYTHING GO PAPERLESS IF YOU CAN



TURN OFF PCs & OFFICE EQUIPMENT WHEN NOT IN USE



THINK SUSTAINABLY WHEN BUYING GOODS AND SERVICES



REDUCE REUSE RECYCLE



Beartas Inbhuanaitheachta DAA

Tá sé mar aidhm againn a bheith mar oibritheoir freagrach aerfort tríd an éifeacht a bhíonn againn ar an gcomhshaol agus ar na comharsana díreach in aice linn a íoslaghdú, agus san am céanna tacú le fás eacnamaíochta agus cur go dearfach leis an tsochaí ina mbíimid ag obair.

Lena chinntiú go gcuirtear an Inbhuanaitheacht i bhfeidhm ar dhóigh leanúnach, éifeachtach, tá na príomhspriocanna ba mhaith linn a bhaint amach curtha i láthair i mbeartas soiléir, simplí.

Tá gach ceann de thrí cholún na hInbhuanaitheachta san áireamh sa Bheartas, agus cuidíonn sé leis na haonaid ghnó éagsúla réimsí a aithint inar féidir leo feidhmíocht fhoriomlán Inbhuanaitheachta DAA a fheabhsú.

Agus na haerfoirt á n-oibriú ag DAA

- 1 Cuirfimid le fás eacnamaíochta na hÉireann trí na haerfoirt a fhorbairt
- 2 Soláthróimid timpeallacht agus áiseanna sábháilte d'fhostaithe agus do chuairoteoirí
- 3 Cuirfimid ar dhóigh dhearfach leis an bpobal ina mbíimid ag obair
- 4 Laghdóimid an méid fuinnimh a ídítear agus astuithe carbóin
- 5 Méadóimid an méid uisce a chaomhnaítear
- 6 Íoslaghdóimid dramhaíl agus baingimid athúsáid as an oiread dramhaíola agus is féidir agus déanfaimid athchúrsáil uirthi
- 7 Cuirfimid le húsáid táirgí agus seirbhísí atá maith ó thaobh an chomhshaoil de agus go sóisialta
- 8 Tabharfaimid eolas d'úsáideoirí uile an aerfoirt agus don phobal mór faoi chleachtais inbhuanaithe agus cuirfimid na cleachtais sin chun cinn
- 9 Beidh pleanáil, dearadh, soláthar agus tógáil inbhuanaithe mar chuid dár dtograí
- 10 Cuirfimid cosc ar an truailliú, déanfaimid de réir na reachtaíochta ábhartha comhshaoil, agus cuirfimid na cleachtais is fearr chun cinn ó thaobh bainistíochta comhshaoil de
- 11 Beidh an inbhuanaitheacht san áireamh sna beartais, sna próisis agus sna comhaontuithe ábhartha

Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo uair sa bhliain agus déanfar é a nuashonrú de réir mar is gá.

Kevin Toland

Príomhfheidhmeannach



Cad é a dhéanann an rannóg SSIC?

Is cuid d’Fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha í an Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Comhshaoil in DAA. Tá sí freagrach as Beartas agus Straitéis Inbhuanaitheachta DAA a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Bíonn an rannóg SSIC ag éascú cuid mhaith tograí a bhaineann leis an Inbhuanaitheacht agus ag tacú leo. Orthu sin tá

- Bainistíocht Chomhshaoil, monatóireacht ar acmhainní éagsúla san áireamh – e.g. *Fuinneamh / Aer / Uisce / Dramhaíl*
- Bainistíocht Charbóin agus páirtíocht DAA sa chlár Creidiúnú Carbóin Aerfort
- an Clár Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde
- Comhordnú gníomhaíochtaí comhlíontachta agus beartas maidir le Sábháilteacht Taobh an Aeir

Faigheann an rannóg SSIC cuidiú le Beartas agus Straitéis Inbhuanaitheachta DAA a chur i bhfeidhm ón nGrúpa Tograí Inbhuanaitheachta a thagann le chéile go rialta, a chuireann obair in ord tosaíochta agus a thugann treoir don rannóg SSIC agus do na rannóga ábhartha eile a bhíonn ag plé leis an Inbhuanaitheacht ina gcuid oibre.

Sineadh le
Críochfort 1



Gníomhartha Inbhuanaitheachta

| | |
|-------------------------------|----|
| Éifeachtúlacht Acmhainní | 08 |
| Bainistiú Fuinnimh | 08 |
| Bainistiú agus Caomhnú Uisce | 09 |
| Bainistiú Dramhaíl | 15 |
| Cáilíocht an Aeir | 16 |
| Soláthar Inbhuanaithe | 17 |
| Dearadh agus Foirgníocht | 17 |
| Bainistíocht Soghluaisteachta | 17 |
| Torann Aerárthach | 21 |
| Gnóthaí Pobail agus Urraíocht | 22 |
| Carthanas na Bliana | 22 |
| Sláinte agus Leas ar Obair | 22 |
| Sábháilteacht Taobh an Aeir | 22 |
| An Bhithéagsúlacht | 22 |
| Creidiúnú Carbóin Aerfort | 26 |
| An Bealach Glas | 27 |



Gníomhartha Inbhuanaitheachta

Seo a leanas príomhghnéithe na hInbhuanaitheachta agus na príomhréimsí agus na daoine a bhíonn á mbainistiú faoi choinne agus ar son DAA.

Éifeachtúlacht Acmhainní

Is é caomhnú na n-acmhainní nádúrtha an chéad chéim san Inbhuanaitheacht Chomhshaoil trí – Fuinneamh / Uisce / Aer agus Dramhaíl a laghdú agus a athchúrsáil.

Bainistiú Fuinnimh

Tá Bainistiú Fuinnimh mar chuid den obair a dhéanamh an fhoireann Chúram Acmhainní, atá mar chuid den fhoireann Bainistithe agus Forbartha Acmhainní. Bíonn an fhoireann Bainistithe Fuinnimh ag plé le soláthar seirbhísí fuinnimh in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.


Tá cur chuige DAA i leith bainistiú fuinnimh seanbhunaithe agus tá sé neadaithe in obair an eagrais. Tá DAA ag plé go gníomhach le húsáid fuinnimh agus le saincheistanna fuinnimh leis na blianta fada. Léiriú air sin is ea an infheistíocht ghradamach i mbonneagar comhghiniúna ó bhí 1966 ann agus, in 2010, a ról bunaithe i gcnuasach teicneolaíochtaí glasa Bhaile Átha Cliath, An Bealach Glas. Tá feabhas leanúnach tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh thar na blianta. In 2011, mar shampla, laghdaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath an méid fuinnimh a bhí á ídiú aige ar 5% agus an méid gáis ar 4%. Tá éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe go suntasach in Aerfort Chorcaí freisin le blianta beaga anuas.

In 2012, shínigh DAA comhaontú deonach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana Éireann lenár dtiomantas do bheith mar eiseamláir ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de san Earnáil Phoiblí a dhearbhu agus lenár sprioc éifeachtúlacht fuinnimh 33% a bhaint amach faoi 2020. Mar gheall ar an gcomhaontú sin, tá DAA tiomanta do roinnt tionscnamh atá ceaptha leis na riachtanais atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chomhlíonadh agus do thairiscí poiblí a dhéanamh faoi fheidmiú fuinnimh.

In 2013, tá DAA ag obair ar Straitéis agus ar Bheartas cuimsitheach Fuinnimh a fhorbairt. Díreoidh an straitéis seo ar Chóras Bainistithe Fuinnimh a fhorbairt de réir riachtanas ISO50001. Tabharfaimid tuairisc níos sonraithe ar an dul chun cinn sa chéad tuarascáil nuashonraithe eile.

| | BAILE ÁTHA CLIATH (MWH) | CORCAIGH (MWH) |
|-----------------|-------------------------|----------------|
| Gás agus Díosal | 51134 | 4191 |
| Leictreachas | 46317 | 8557 |
| Iomlán 2012 | 97451 | 12748 |
| Iomlán 2011 | 99540 | 12374 |

Stevie Donnelly
Ian Clarke
Martin McGonagle
Cúram Sócmhainní



*Lorg carbóin Bhaile
Átha Cliath 2010 =
35,009 Tona, Críoch-
fort 2 san áireamh

**Lorg carbóin Bhaile
Átha Cliath 2011 =
33,015 Tona, Críoch-
fort 2 san áireamh

Beidh Críochfort 2
san áireamh i lorg
foriomlán Bhaile
Átha Cliath don chlár
Creidiúnú Carbóin
Aerfort ó 2014 i leith,
de réir riachtanais an
chláir.

| TOPAIC | TÁSCAIRE | FEIDHMÍOCHT | | |
|-----------------------------------|-----------|-------------|---------|----------|
| | | 2010 | 2011 | 2012 |
| Astuithe Carbóin – Clár ACA | Tonaí CO2 | 2010 | 2011 | 2012 |
| | BÁC | 25800 | 24,112* | 21,713** |
| | Corcaigh | 5945 | 5239 | 5045 |
| Uisce | m3 | 2010 | 2011 | 2012 |
| | BÁC | 538493 | 470176 | 454769 |
| | Corcaigh | 54330 | 64160 | 58644 |

Bainistiú agus Caomhnú Uisce

Bíonn daoine san fhoireann Chúram Acmhainní ag plé le bainistiú uisce in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Faigheann siad tacaíocht ó fhoireann Chomhshaoil na rannóige SSIC. Rinneadh obair shuntasacha sa chuid dheireanach de 2012 le siltí uisce a aimsiú agus seanphíopaí a dheisiú, rud a shábháil uisce sna haerfoirt láithreach. Tá na féidearthachtaí a bhaineann le foinsí ailtéarnacha uisce, amhail fearthainn agus screamhuisce, á measúnú againn chun úsáid fhoriomlán uisce ónár bpríomhphíopaí a laghdú arís eile.

Táimid ag leanúint linn ag iarraidh éifeacht oibríochtaí an gheimhridh a íoslaghdú. Tá infheistíocht déanta againn sa bhonneagar agus i dtrealamh le hoighear agus sneachta a bhaint ar shiúl ar dhóigh éifeachtúil agus an t-uisce a ritheann chun srutha a bhailiú. Bímid i dteagmháil le hoibritheoirí agus le láimhseálaithe aerlínthe le bearta a aimsiú leis an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as ábhar dí-oighrithe ar aerárthaigh agus an leibhéal is airde sábháilteachta a choinneáil san am céanna.

Cás-Staidéar

Uimhir — 01

Stáisiún Dóiteáin

Aerfort BÁC

Cás-Staidéar Uimhir 1 — Stáisiún Dóiteáin Aerfort BÁC

Tá ról ríthábhachtach ag na Seirbhísí Dóiteáin Aerfoirt i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus tá ról fíorthábhachtach i gcúrsaí sábháilteachta acu ó thaobh feidhmiú na n-aerfort de. Chomh maith lena dtiomantais agus lena ndualgais thábhachtacha i dtaca le hoibriú sábháilte na n-aeradróm, tá siad ag fiosrú dóigheanna go gníomhach leis an tionchar a bhíonn ag an obair riachtanach, thábhachtach acu ar an timpeallacht a laghdú.

Tá an tiomantas seo do ghníomhartha inbhuanaitheachta le sonrú i réimse tionscnamh atá idir lámha ag Stáisiún Dóiteáin Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ar na tionscnaimh sin tá

- Bunú Cód Cleachtas Comhshaoil ina bhfuil na riachtanais a chaithfidh na bainisteoirí agus an fhoireann a chomhlíonadh luaite ó thaobh dea-chleachtas de maidir le gach gníomhaíocht a tharlaíonn sa Stáisiún Dóiteáin. Tá an Cód Cleachtas seo mar chuid fhoriomlán de Chóras Bainistithe Comhshaoil Aerfort Baile Átha Cliath;
- Tá plean ann le córas cruinnithe fearthainne a chur i bhfeidhm. Beidh toilleadh níos mó ná 65,000 líotar ann agus déanfar é a shuiteáil go luath. Baileofar fearthainn i dtrí fhoirgneamh ar leith agus déanfar í a chomhtháthú le huisce a sholáthar le tinte a chur as agus le feithiclí a ní;
- Tá córas uathoibríthe dáilte breosla coimisiúnaithe le go mbeifear in ann idiú breosla ag na feithiclí uile a rianú níos fearr, rud a chuideoidh le riachtanais tuairiscithe Ídithe Fuinnimh a chomhlíonadh;
- Aisfheistiú Soilse Ionduchtaithe sa Chlós Seirbhísithe Feithiclí;
- Tá triail á baint as cūr difriúil, a bhfuil tionchar níos lú aige ar an timpeallacht, lena fheiceáil an féidir úsáid a bhaint as i gcleachtaí oiliúna.

Ray Craven
Seirbhís Dóiteáin
Aerfort







Cás-Staidéar

Uimhir — 2

Bainistiú

Dramhaíl

Cás-Staidéar Uimhir 2 — Bainistiú Dramhaíl

Chuir Rannóg Glantacháin DAA clár i bhfeidhm in 2012, i gcomhar leis an Soláthróir Seirbhísí Bainistithe Dramhaíola, le scagadh níos mó a dhéanamh ar chineálacha éagsúla dramhaíola in oifigí DAA agus i seomraí sosa. Cuireadh boscaí bruscair in oifigí agus i seomraí sosa le bailiú dramhaíola scartha a éascú, bia, ábhar measctha in-athchúrsáilte agus dramhaíl ghinearálta san áireamh.

Rinneadh athchúrsáil ar 22 tona dramhaíola mar gheall ar an tionscnamh seo sa dara leath de 2012. Tá ráta athchúrsála suas le 40% ar an meán bainte amach ag gach rannóg ar cuireadh boscaí scartha bruscair ar fáil dóibh.

Déantar múirín anois den dramhaíl bhia uile a bhailíonn na soláthróirí seirbhísí in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus baintear athúsáid as mar fheabhsaitheoir ithreach in áiteanna eile as an láthair.

| TOPAIC | TÁSCAIRE | FEIDHMÍOCHT | | |
|-------------|---------------|-------------|------|------|
| | | 2010 | 2011 | 2012 |
| Dramhaíl | Tonaí | 2010 | 2011 | 2012 |
| | BÁC | 4046 | 3626 | 3442 |
| | Corcaigh | 273 | 235 | 246 |
| Athchúrsáil | Athchúrsáilte | 2010 | 2011 | 2012 |
| | BÁC | 18% | 34% | 37% |
| | Corcaigh | 34% | 31% | 30% |

Dennis Meredith
Bainistiú Dramhaíola




Cáilíocht an Aeir

Mar a tharlaíonn i gcás formhór na gníomhaíochtaí iompair agus tráchtála, bíonn astuithe cáithnínacha á sceitheadh sa timpeallacht áitiúil mar gheall ar oibríochtaí aerfort agus ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leo. Táimidne in DAA tiomanta chun ár n-astuithe díreacha a laghdú – agus bímid ag spreagadh comhlachtaí eile le déanamh amhlaidh – agus déanaimid monatóireacht ar cháilíocht an aeir in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Tá roinnt tionscnamh ar bun againn le hastuithe iompair a laghdú Déanann DAA monatóireacht ar an aer timpeallach sa dá aerfort. Bíonn méid na monatóireachta ag brath ar an suíomh atá i gceist. Tá stáisiún monatóireachta ar cháilíocht an aeir ar an láthair i mBaile Átha Cliath. Is féidir réimse leathan paraiméadar a thomhas ar bhonn leanúnach. Déanaimid monatóireacht freisin sa cheantar thart timpeall an aerfoirt.

I gCorcaigh, déantar monatóireacht ar láthair an aerfoirt amháin. De réir na dtorthaí ón monatóireacht ar an aer ag an dá aerfort, tá cáilíocht an aeir go maith agus tá tiúchan na bpríomhparaiméadar a bhaineann le cúrsaí iompair faoi bhun na gcaighdeán náisiúnta ábhartha i dtaca le cáilíocht an aeir.

Tá roinnt tionscnamh againn a chuideoidh le hastuithe iompair a laghdú tuilleadh agus le héifeachtúlacht ar an láthair a fheabhsú. Áirítear leo feithiclí leictreacha a úsáid, éifeachtúlacht fheabhsaithe coirí agus ár bPlean Bainistíochta Soghluaisteachta.





Soláthar Inbhuanaithe

Bainistíonn Rannóg Soláthair DAA ceannach earraí agus seirbhísí ar dhóigh atá chomh hinbhuanaithe agus chomh neamhdhíobhálach don timpeallacht agus is féidir, agus tá an inbhuanaitheacht anois mar chritéar scórála i dtairiscintí gaolmhara poiblí.

Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí nua á bhfáil, bíonn DAA eolach go maith ar an ngá atá ann le seantreamh a athchúrsáil agus a chur de láimh. Bíonn rannóg Teicneolaíocht Faisnéise agus Teileachumarsáide DAA in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ag obair le Camara agus Rehab le seanríomhairí boird agus seanríomhairí glúine a athúsáid i gcúrsaí oideachais in Éirinn agus thar sáile.

Dearadh agus Foirgníocht

De reir ár dtiomantas sa Bheartas Inbhuanaitheachta, tá DAA ag déanamh iarrachtaí leanúnacha foirgnimh agus bonneagar sibhialta a dhearadh agus a thógáil ar dhóigh inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus na cleachtais is fearr a inchorprú i ndearadh agus in oibriú saoráidí agus feidhmeanna uile aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus, nuair is cuí, i ndearadh agus in oibriú saoráidí agus feidhmeanna na dtionóntaí.

Tá roinnt cáipéisí tábhachtacha straitéise á bhforbairt maidir le hAthfhorbairt na nAerpháirceanna, Chríochfort 1 agus Taobh na Talún. Tá measúnú grinn á dhéanamh orthu ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta go ginearálta de. Tá Plean nua Infheistíochta Caipitil á ullmhú don tréimhse suas go dtí 2019 agus beidh na tograí seo bunaithe ar na cleachtais is fearr agus ar fhorbairt aerfoirt ár gcomhgleacaithe ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

Bainistíocht Soghluaisteachta

Bíonn an rannóg Oibríochtaí Taobh na Talún agus an Bainisteoir Soghluaisteachta ag tacú le hiompar ar an dromchla ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus le dreasachtaí / scéimeanna taistil don fhoireann. Bíonn na rudaí sin á n-éascú tríd an bPlean Bainistithe Soghluaisteachta (nuashonraithe in 2013).

Cás-Staidéar

Uimhir — 03

Plean Bainistithe

Soghluaisteachta

Case Study No.3 – Mobility Management Plan

Ullmhaíodh Plean Bainistithe Soghluaišteachta (PBS) den chéad uair d’Aerfort Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2006. Rinneadh é a nuashonrú in 2011 leis na hathruithe suntasacha a bhí tite amach sa tréimhse sin a thabhairt san áireamh, soláthar bonneagair phoiblí bhreise, seirbhísí feabhsaithe iompair phoiblí, agus athrú ar a rogha modh taistil ag paisinéirí ina measc.

Bhí sprioc in PBS 2006 deighilt mhódúil 40% ó thaobh iompair phoiblí de a bhaint amach faoin mbliain 2020. Bhí an sprioc sin bunaithe ar dháta tuartha seachadta an Metro Thuaidh – 2012. Bhí an creat a cuireadh i bhfeidhm leis na cuspóirí seo a bhaint amach bunaithe ar na príomhstraitéisí seo a leanas:

- Spriocanna den leibhéal is airde maidir le cion mhódúil iompair phoiblí sa todhchaí agus le hacmhainn na gcarrchlósanna
- Bonneagar rochtana dromchla ar an láthair a thacaíonn le modhanna inbhuanaithe iompair; agus
- Bearta praiticiúla le gach úsáideoir aerfoirt a spreagadh go gníomhach le húsáid a bhaint as iompar poiblí.

Is féidir le rochtain mhaith dhromchla agus úsáid iompair phoiblí na héifeachtaí a bhíonn ag aerfoirt ar an timpeallacht a laghdú go mór. Laghdaitear ídiú breosla agus, ag éirí as sin, bíonn níos lú astuithe de ghás ceaptha teasa agus gás dócháin ann mar thoradh ar laghdú ar an méid tráchta a bhíonn ann agus ar leibhéal brú tráchta.

Bíonn DAA ag obair go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le Comhairle Contae Fhine Gall agus leis an Roinn Iompair ar gach gné den inbhuanaitheacht i gcúrsaí taistil agus iompair. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i bhfeabhsú na rochtana dromchla ag an aerfort mar chuid de thogra Chríochfort 2 agus den Chlár Aerfort Bhaile Átha Cliath a Athrú ó Bhonn, agus tá an líonra bóithre feabhsaithe go mór freisin. Mar gheall air sin, bíonn an sruth tráchta níos fearr agus tá brú tráchta laghdaithe go mór.

Ar na tionscnaimh atá curtha i bhfeidhm tá

SAORÁIDÍ BUS AGUS CLÓS NA GCÓISTÍ — Rinne Aerfort Bhaile Átha Cliath infheistíocht ar na mallaibh ar fiú thart agus €3 mhilliún é i saoráidí bus agus cóistí. Tá tuilleadh stadanna ar cholbha na gcosán curtha ar fáil freisin ag na críochfoirt agus ar fud an aerfoirt.

SCÉIM TAXSAVER NA MBUSANNA — Tugadh Scéim Tax saver na gComaitéirí isteach i mí na Nollag 2007 faoi choinne gach fostaí de chuid DAA. Is féidir leis an bhfoireann suas le 52% dá gcostais taistil bus go dtí an t-aerfort agus ar ais arís a shábháil. In 2012, dhíol DAA luach beagnach €30,000.00 de thicéid bus Tax saver, méadú beagnach 100% le hais 2011. Déantar scéim Tax saver na mBusanna a riar i rith na bliana; ní hé go mbaineann sí le tréimhsí ar leith amháin.

ROTHAÍOCHT CHUN NA HOIBRE — Tá fad breis agus 6km de lánáí rothaíochta agus 200 spás páirceála rothar curtha ar fáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don fhoireann agus don phobal mór. Tá Scéim Rothaíochta chun na hOibre ann trínar féidir le baill foirne laghdú suas le 52% a fháil ar phraghas rothair le taisteal go dtí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ar ais arís. Tá luach €300,000 de rothair, beagnach, ceannaithe ag fostaíthe DAA faoin scéim seo ó cuireadh tús léi. Déantar an scéim Rothaíochta chun na hOibre a riar i gcaitheamh na bliana ar fad; ní hé go mbaineann sí le tréimhsí ar leith amháin.

UASGHRÁDÚ AR AN R132 — Táimid ag obair go dlúth le Comhairle Contae Fhine Gall leis an líonra lánáí taobh amuigh den aerfort a fheabhsú le cuidiú leis an bhfoireann chomaitéireachta. Tá uasghrádú á dhéanamh ar an gcuid sin den R132 a shíneann ó reilig Bhaile an Dairdisigh chomh fada le príomhthimpeallán an aerfoirt. Faigheann an togra seo urraíocht ó Lánáí Rothaíochta DAA agus tá Lánáí Bus san áireamh sa phíosa seo bonneagair fhíorthábhachtaigh. Is é an toradh a

bheidh ar an togra seo nuair a bheidh sé réidh in 2013 ná úsáid mhéadaithe modhanna inbhuanaithe iompair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

FAISNÉIS FÍOR-AMA DO BHUSANNA — tá taispeántais faisnéise fíor-ama curtha isteach ag DAA, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, in ocht n-áit shuntasacha sna réamhchúirteanna in Aerfort Bhaile Átha Cliath le rogha mhódúil na mbusanna a chur chun cinn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cuirfimid dhá thaispeántas fíor-ama ar a laghad isteach in 2013 i gCríochfoirt 1.

POINTÍ LUCHTAITHE DO CHARRANNA LEICTREACHA — Beidh tiománaithe carranna leictreacha in ann a garranna a luchtú anois ag Aerfort Bhaile Átha Cliath óir cuireadh cúig phointe nua luchtaithe isteach in 2012. Tá trí áit páirceála do charranna leictreacha suite i gcarrchlós ilstóir Chríochfort 2 agus tá aonaid luchtaithe ann. Tá dhá spás eile curtha ar fáil sa charrchlós VIP. Is comhfhiontar é an tionscnamh seo idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus BSL le níos mó daoine a spreagadh le húsáid a bhaint as carranna leictreacha agus leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn.


Is cuspóir de chuid Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath é an PBS a nuashonrú dara gach bliain d'fhonn rathúlacht ár gcuid cuspóirí a athmheasúnú. Cé go ndíríonn an PBS seo go príomha ar roghanna módúla paisinéirí, pléann sé le bainistiú soghluaisteachta na foirne ar fud an champais freisin. Oibreoidh DAA go leanúnach le roghanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn do gach fostaí. Tá an bonneagar fisiceach atá de dhíth le seirbhísí iompair phoiblí a éascú uasghrádaithe agus curtha ar fáil ag DAA.

Tá tuarascáil iomlán PBS 2013 ar fáil ar shuíomh Aerfort Bhaile Átha Cliath www.dublinairport.com

Monatóireacht ar Rianú an Torainn ó Aerárthaigh agus iad i mbun Eitilte

Tá Sainchóras Monatóireachta ar Rianú an Torainn ó Eitiltí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus bímid ag obair go dlúth le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus leis na haerlínte. Bíonn Anailíseoir Monatóireachta ar Rianú an Torainn ó Eitiltí, atá ar an bhfoireann Gnóthaí Pobail, ag bainistiú an chórais seo ar son DAA.

Bhí méadú beag ar líon na ngearán faoi thorann in 2012 le hais 2011 ach bhí laghdú suntasach ann le hais na mblianta roimhe sin. Mhéadaigh an líon imeachtaí gearáin faoi thorann ó 185 in 2011 go 193 in 2012 (+4%). D'ardaigh líon na ndaoine aonair a rinne gearán freisin ó 76 in 2011 go 100 in 2012 (+34%). Tháinig méadú beag ar an líon teagmhálacha chomh maith ó 149 in 2011 go 155 in 2012 (+4%).



Baineann an méadú seo go díreach le húsáid na rúidbhealach, Rúidbhealach 34 go háirithe. In 2012, bhí Rúidbhealach 34 in úsáid ar feadh tréimhsí fada agus oibríochtaí oíche ar siúl agus bhí tionchar ag treo na gaoithe ar an scéal. Is mar gheall air sin a tháinig méadú ar an ráta gearáin ó Sheanchill go dtí an Charraig Dhubh agus ó cheantar Chluain Tarbh agus Sheantraibh agus ó na ceantair máguaird. D'fhan aerárthaigh go leanúnach ar na bealaí atá rianaithe dóibh in 2012. D'fhan beagán níos mó ná 99% de na haerárthaigh uile i gcatagóir C/D ar a mbealach rianaithe. Tá an figiúr seo ag feabhsú de réir a chéile agus na haerlínte ag cur aerárthach níos nua-aimseartha a bhfuil trealamh níos fearr loingseoireachta iontu lena bhflíteanna. Ní bhainfear 100% amach riamh mar caithfear aerárthaigh a chur as na dorchaí timpeallachta in amanna ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta agus mar gheall ar an aimsir.

Táimid go fóill ag obair i gcomhar leis an tSeirbhís Rialaithe Shruth Aerthráchta ag Údarás Eitlíochta na hÉireann agus leis na haerlínte a bhíonn ag oibriú in Aerfort Bhaile Átha Cliath le feacht a ardú go leanúnach ar na gnáthaimh laghdaithe torainn agus le faisnéis ar shaincheisteanna torainn a chur ar fáil.

Cumarsáid, Gnóthaí Pobail agus Urraíocht

Mar chuid dár mbeartas Inbhuanaitheachta, tá DAA tiomanta go láidir do bheith ag obair go dlúth agus go gníomhach leis na pobail áitiúla. Tá DAA páirteach le mórán blianta anuas i dtograí éagsúla pobail agus i gclubanna áitiúla spóirt. Is é an polasaí urraíochta atá ag DAA tacaíocht a chur i dtreo tograí óige gar don aerfort, go háirithe i réimsí an spóirt agus na n-ealaíon.

Is í an fhoireann Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide a bhíonn ag plé le Gnóthaí Pobail.

Carthanas na Bliana

Seoladh clár DAA, Carthanas na Bliana, sa bhliain 2007.

Tríd an gclár seo, bíonn deis ag foireann DAA eagrais a ainmniú agus vótáil gach bliain ar Charthanas na Bliana DAA.

Tá coiste bunaithe ar a bhfuil baill as rannóga éagsúla. Bíonn an coiste seo i dteagmháil leis an gcarthanas rathúil le himeachtaí tiomsaithe airgid a eagrú leis an bhfoireann agus saoráidí an aerfoirt in úsáid.

Cuireann an coiste an fhoireann ar an eolas faoi thorthaí a gcuid iarrachtaí tiomsaithe airgid i rith na bliana.

Tá sonraí ar iarrachtaí ár bhfoirne in 2012 le fáil sa Tuarascáil Nuashonraithe seo sa chuid dar teideal Ionchur Sóisialta.

Sláinte agus Leas ar Obair

Bíonn rannóg na nAcmhainní Daonna freagrach as beartais i dtaca le Sláinte agus Leas ar obair, éagsúlacht agus comhionannas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá cur síos ar bhainistíocht Sláinte agus Leasa ghinearálta agus cheirde i Ráiteas Sábháilteachta DAA atá bunaithe ar chreat do chóras bainistíochta sábháilteachta. Déantar an Ráiteas Sábháilteachta a nuashonrú go bliantúil agus is é an Príomhfheidhmeannach a fhaomhann agus a shíníonn an beartas Sláinte agus Sábháilteachta.

Sábháilteacht Taobh an Aeir

Is iad na foirne áitiúla Oibríochtaí Aerfoirt i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh a bhainistíonn cúrsaí a bhaineann le hoibriú sábháilte na dtimpeallachtaí taobh an aeir. Faigheann siad tacaíocht ó rannóg na nAcmhainní Daonna ó thaobh soláthar oiliúna agus ón rannóg SSIC maidir le forbairt beartas agus léirmhíniú reachtaíochta.

An Bhithéagsúlacht

Réimse a bhaineann le Sábháilteacht Taobh an Aeir is ea an bhithéagsúlacht agus tá cur chuige freagrach ina leith ag DAA in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí óir ullmhaímid Pleananna Bainistithe Fiadhúlra. Féachann na pleananna seo lena chinntiú go ndéantar an ghnáthóg timpeall na n-aerfort a bhainistiú ar dhóigh a laghdaíonn na rioscaí don eitlíocht.



Cás-Staidéar

Uimhir — 04

Garraíodóireacht

Cás-Staidéar Uimhir 4 – Garraíodóireacht

Tá roinnt nuálacha curtha i bhfeidhm ag an rannóg Garraíodóireachta in Aerfort Bhaile Átha Cliath mar fhreagairt ar na dúshláin oibriú ar dhóigh níos inbhuanaithe.

Owen Tobin
An Rannóg
Garraíodóireachta



Ar na nuálacha sin tá

- Potaí a lobhann le múirín a dhéanamh mar rogha ar photaí plaistigh;
- Mionghearrthóir agus sceallaire a thabhairt isteach le hábhar plandúil a mhionghearradh le nach mbeidh dramháil ar bith ann sa phróiseas curtha plandaí i gceapacha
- Ní bhaintear úsáid as gás níos mó le polatholláin a théamh, rud a fhágann go bhfuil laghdú tuairim is 1.5 tona in aghaidh na bliana tagtha ar lorg carbóin DAA
- Tógadh tobar screamhuisce san ionad garraíodóireachta agus baintear úsáid as le huisce a chur ar phlandaí atá ar an láthair, rud a laghdaíonn ídiú uisce óil
- Mar aon leis na tionscnaimh thuas, tá éifeachtúlachtaí eile ann mar gheall ar bhainistiú aisréadóirí agus ar olaí glasraí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht a úsáid in áit olaí sintéiseacha le trealamh garraíodóireachta a chothabháil.

Creidiúnú Carbóin Aerfort

Mar chuid de thiomantas leanúnach DAA don Inbhuanaitheacht agus lenár n-astuithe CO₂ ó oibríochtaí aerfoirt a bhainistiú agus a laghdú, tá laghdú suntasach déanta in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ar na hastuithe carbóin agus tá siad rannpháirteach go gníomhach i gclár Creidiúnú Carbón Aerfoirt na hEorpa ag an gComhairle Idirnáisiúnta Aerfort.

Tá Creidiúnú Carbóin Aerfort deartha go sainiúil d'aerfoirt. Cuireann sé creat i gcoitinne ar fáil d'aerfoirt lena n-astuithe carbóin a thomhas, a thuairisciú agus a laghdú sa dóigh gur féidir leo a bheith neodrach ó thaobh carbóin de.

Tá Creidiúnú Carbóin Aerfort bunaithe ar na nithe a leanas

- Cleachtais atá san aerfort cheana féin (tá obair deanta ag cuid de na haerfoirt cheana féin ar neodracht ó thaobh carbóin de)
- Dianscópáil agus diandearadh, saintreoir theicniúil a fhorbairt san áireamh, mar aon le tástáil phiólótach ar ghnéithe agus ar phróisis deartha na scéime in aerfoirt de mhéideanna éagsúla in áiteanna difriúla
- Na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana féin maidir le hastuithe carbóin a thuairisciú, agus cuntasacht i leith na gcaighdeán sin i gcomhthéacs thimpeallacht na n-aerfort trí mhaitrís de rialú, treoir agus tionchar
- Aitheantas institiúidiúil ag an leibhéal is airde a fháil ó fhorais eitlíochta sibhialta san Eoraip, ón AE agus ó chomhlachtaí comhshaoil.

Mar gheall ar an bpróiseas seo, tá glactha leis an gClár ag aerfoirt, ag an tionscal eitlíochta, ag forais rialtais agus eile. Tá ag méadú ar ábharthacht an Chláir agus ar a údarás mar chaighdeán tagartha i dtaca le mapáil agus bainistiú carbóin ag aerfoirt. Tá glacadh leis go forleathan.

Tá sprioc i gcoitinne ag aerfoirt san Eoraip agus i gceantar an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Is í sin obair i dtreo inbhuanaitheacht fhoriomlán an tionscal eitlíochta agus a bheith ag teacht le chéile maidir leis an ngá le dul i ngleic le hastuithe carbóin ar bhonn domhanda. Téama coitianta eile sna réigiúin seo is ea an gá le toiliú forbartha a fháil trína léiriú go bhfuil aerfoirt ag plé leis an athrú ar an aeráid le chéile agus ar bhonn aonair freisin.

Is é an coincheap ar a bhfuil an clár Creidiúnú Carbóin Aerfort bunaithe ná measúnú a dhéanamh ar iarrachtaí na n-aerfort na hastuithe Gás Ceaptha Teasa atá faoina riail féin a laghdú agus aitheantas a thabhairt as na hiarrachtaí sin. Tá an clár deartha go sainiúil lena chinntiú go mbíonn próisis oiriúnacha bainistíochta i bhfeidhm le laghduithe ar astuithe a aithint agus le laghduithe a bhaint amach.

Tá ceithre leibhéal dhiana chéimnitheacha i gceist le Creidiúnú Carbóin Aerfort agus aithnítear feabhsuithe ag gach céim mar seo a leanas

MAPÁIL — Rian carbóin fíoraithe go seachtrach agus fianaise de thiomantas don timpeallacht i bhfoirm ráiteas ardleibhéal faoi bheartais.

LAGHDÚ — Plean bainistithe carbóin agus laghdú ar an lorg carbóin.

BARRFHEABHSÚ — Réimse an lorg carbóin a leathnú le gníomhaíochtaí a chuimsiú ar féidir leis na haerfoirt iad a threorú agus tionchar a imirt orthu, agus plean teagmhála le tríú páirtithe na n-aerfort a chur i bhfeidhm.

NEODRACHT — Na nithe uile thuasluaite mar aon le fritháireamh astuithe ar bith CO2 faoi riail dhíreach an aerfoirt a bheadh fágtha, rud a d'fhágfadh go mbeadh an t-aerfort neodrach ó thaobh carbóin de.

Tá gach céim an-dian agus bíonn measúnóirí neamhspleácha á maoirsiú. Caithfidh na haerfoirt sonraí thar a bheith mion a chur ar fáil agus caithfidh gach próiseas a bheith fíoraithe ag éascaitheoir neamhspleách. Tá an clár Creidiúnú Carbóin Aerfort daingnithe ag Coimisiún na hEorpa agus ag Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe. Tá aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon creidiúnaithe ag an leibhéal “Laghdú”.

'Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe' Bhaile Átha Cliath

Tá “Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe” a bhunú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ceann de chomhpháirtithe an Bhealaigh Ghlais, i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana Éireann. Is é aidhm an togra ‘saotharlanna beo’ a fhorbairt d’fhonn cultúr na nuálaíochta a bhunú agus le deis a thabhairt do theicneolaíochtaí agus do chleachtais nua inbhuanaithe atá mar bhunús le bailte agus le cathracha atá ‘cliste ó thaobh fuinnimh de’ teacht chun cinn. towns and cities.

An Bealach Glas

Is fiontar comhoibríoch é an Bealach Glas a bhunaigh lucht an tionscail, institiúidí acadúla agus páirtithe leasmhara ón earnáil phoiblí agus fhostáit i gceantar Bhaile Átha Cliath. Is é fíis an fhiontair poist agus deiseanna trádála a chruthú trí chnuasach teicneolaíochta glaine atá aitheanta go hidirnáisiúnta a bhunú agus a fhorbairt.

Is iad cuspóirí an chnuasaigh

- Tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí teicneolaíochta glaine atá sa réigiún cheana féin
- Cruthú post ag gnólachtaí úrnua in earnáil na teicneolaíochta glaine a chothú agus a luasghéarú
- Corparáidí ilnáisiúnta ar féidir leo infheistiúocht a dhéanamh sa réigiún agus poist ghlasa sa teicneolaíocht ghlan a bhunú a éascú

Is iad seo a leanas comhpháirtithe bunaithe an Bhealaigh Ghlais

- Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Contae Fhine Gall
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Athnuachan Bhaile Munna Teo
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Tá an iliomad deiseanna i dtaca le réitigh theicneolaíochta glaine i ngach ceann de na heagrais bunaithe agus eatarthu uile freisin. Baineann na deiseanna fiontraíochta glaise seo leis na réimsí a leanas:

- Acmhainní agus cumais na gcomhpháirtithe i dtaca le dramhaíl, uisce, sonraí agus bonneagar poiblí
- Gníomhaíochtaí eitlíochta, cothabhála, deisithe, ollchóirithe, iompar talún agus forbartha campais ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Taighde agus Forbairt, oideachas agus oibríochtaí bainistithe saoráidí sna hInstitiúidí Acadúla
- Cumais chomhfhiontraíochta na n-eagras bunaithe i réimsí mar fhuinneamh in-athnuaite, soláthar glas agus aisfheistiú foirgneamh.

2012 – Athbhreithniú

Mar atá léirithe sa Bheartas Inbhuanaitheachta againn, tá straitéis á cur i bhfeidhm ag DAA maidir leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil. Is é an príomhchuspóir atá leis an straitéis oibritheoir freagrach aerfort a dhéanamh de DAA, oibritheoir a íoslaghdaíonn a thionchar ar an gcomhshaoil agus, san am céanna, a chuireann go dearfach leis an tsochaí ina n-oibríonn sé.

Táimid ag díriú ar réimsí sainiúla comhshaoil, ina measc bainistiú fuinnimh/carbóin, caomhnú uisce, bainistiú dramhaíola, soláthar inbhuanaithe agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an eagrais agus i measc páirtithe leasmhara seachtracha.

Trínár straitéis inbhuanaitheachta agus trínár gcóras bainistithe comhshaoil, tá spriocanna uailmhianacha leagtha amach againn sna réimsí seo thuasluaite.

Ar na spriocanna sin tá

- Gan dramhaíl ar bith a chur go díreach chuig láithreáin líonta talún
- Athchúrsáil a mhéadú ar 20% thar thréimhse trí bliana
- Laghdú bliantúil 3% ar ídiú fuinnimh
- Laghdú bliantúil 3% ar ídiú uisce
- Feithiclí leictreacha a fháil don fhlíit againn
- An méid táirgí inbhuanaithe a fhaighimid a mhéadú.

In 2012, bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath cuid mhaith de na spriocanna seo amach agus is amhlaidh a d'éirigh níos fearr arís leis. Le trí bliana anuas tá ár ráta athchúrsála méadaithe againn ar 25% agus ní chuirimid dramhaíl go díreach chuig na láithreáin líonta talún. Chomh maith leis sin, tá breis agus 15,000,000 líotar uisce óil sábháilte againn (an méid céanna a líonfadh 6 linn snámha Oilimpeacha!), agus tá ár lorg carbóin laghdaithe ar 10% againn.

In 2012, shínigh DAA comhaontú i dtaca le Comhpháirtíocht Earnála Poiblí le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana Éireann. Leis an gComhpháirtíocht seo, tá DAA tiomanta don sprioc fhoriomlán feabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020.

Cheannaigh DAA naoi mionveain leictreacha agus bainfear úsáid astu ag na haerfoirt mar chuid d'iarrachtaí an chomhlachta a lorg carbóin a ísliú. Sábháilfear breis agus 200,000kg CO₂ thar shaol na naoi mionveain leictreacha de dhéanamh Renault Kangoo. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an comhlacht ar na hoibritheoirí is mó flíteanna leictreacha sa tír.



Bainfidh foirne cothabhála DAA taobh an aeir agus taobh na talún araon agus foireann na gcarrchlósanna agus na seirbhísí críochfoirt úsáid as na veaineanna leictreacha ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Fuarthas tacaíocht ó Údaras Fuinnimh Inmharthana Éireann don togra seo.

Is togra nuálach é seo mar tá feithiclí leictreacha anois ar láthair na n-aerfort. Tairseacha náisiúnta atá sna haerfoirt agus beidh na feithiclí leictreacha iontach feiceálach don fhoireann, do phaisinéirí agus don phobal mór. Bainfear úsáid as na feithiclí taobh na talún agus taobh an aeir araon agus beidh DAA in ann comhlachtaí eile a spreagadh le húsáid a bhaint as feithiclí leictreacha.

Mar gheall ar na feithiclí leictreacha, beimid in ann astuithhe carbóin na n-aerfort a laghdú de réir Phlean Bainistithe Carbóin DAA mar chuid den chlár Eorpach Creidiúnú Carbóin Aerfort atá ag an gComhairle Idirnáisiúnta Aerfort.

Tá scáileáin ghlasa (“Greenscreens”) suite againn freisin sa toglann imeachta i gCríochfort 2. Tá faisnéis ar na scáileáin seo do phaisinéirí maidir le feidhmíocht fuinnimh Chríochfort 2 mar aon le mórán teachtaireachtaí a bhaineann leis an timpeallacht. D’fhorbraíomar grafaic faisnéise mar aon le tuarascáil ar an ngréasán lenár tuairisc inbhuanaitheachta don bhliain 2011/12 a chraobhscaoileadh.

Ainmniúcháin agus Gradaim

Tá aitheantas seachtrach faighte ag DAA i dtaca leis an dul chun cinn atá déanta againn ó thaobh na hInbhuanaitheachta de. Bhí DAA ar an ngearrliosta do Ghradam Glas Chumann Lóistíochta agus Iompair na hÉireann, agus ainmníodh sinn i dtrí chatagóir ag na Gradaim Ghlasa faoi choinne gníomhaíochtaí a rinneadh le linn 2012.

Is iad na trí chatagóir a bhí i gceist ná Iompar Glas, Earnáil Phoiblí Ghlas agus an Slabhra Soláthair Glas. Fuarthas trí ainmniúchán chomh maith ag Gradaim Freagrachta Sóisialta Corparáidí Chomhlachais Éireann, dhá cheann a bhain le Cleachtais Chomhshaoil agus ceann eile faoi choinne ár gcláir chumarsáide i taca le Freagracht Shóisialta Chorparáideach.

Maidir le cúrsaí níos leithne, fuair foirne Soláthair agus Acmhainní Daonna DAA aitheantas as a ngníomhaíochtaí agus as a gcláir oibre le linn 2012. Bronnadh teideal na Foirne Soláthair is Fearr orthu ag Gradaim Institiúid na hÉireann um Cheannach agus Bainistiú Ábhar.

Ainmníodh DAA sna catagóirí a leanas: na Foirne Soláthair is Fearr, an Togra Trasfheidhme is Fearr agus Nuálaíocht i gCúrsaí Soláthair.

Bhain foireann Chumas Eagraíochtúil na rannóige Acmhainní Daonna in DAA gradam náisiúnta feabhais i réimse na hoiliúna agus na forbartha.

Bhí bua ag an bhfoireann chéanna ag gradaim náisiúnta Institiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann áit ar bhain sí i gcatagóir na bhFiontar Mór as Clár Forbartha Luasghéaraithe Bainistíochta DAA.

Bronntar an gradam mar aitheantas as feabhas i gcúrsaí oiliúna agus forbartha agus ba thoradh é ar na míonna fada oibre ag foireann Chumas Eagraíochtúil na rannóige Acmhainní Daonna.

Chomh maith leis an ngradam náisiúnta, fuair DAA aitheantas fosta as gnóthachtáil den scoth in dhá chatagóir eile. Bronnadh an t-aitheantas seo as an tairseach BSAT ar líne (Oiliúint i bhFeasacht ar Bhunslándáil) agus as an obair a rinneadh i gcomhar le Consult DAA in Aerfort Perth.

Ainmníodh ARI Ireland mar chomhlacht na bliana faoi choinne “The Loop” in Aerfort Bhaile Átha Cliath ag Gradaim Feabhais Míondíola na hÉireann i mí na Samhna 2012.

Ainmníodh Irish Whiskey Collection i gCríochfort 2 mar an siopa is fearr in Éirinn faoi 1,000 troigh cearnach agus bhain ARI Ireland Gradam as an gcomhlacht is fearr sa tionscal freisin.

Ainmníodh trí shiopa ar leith i gCríochfort 2 ar liosta na 50 siopa is fearr in Éirinn – Jo Malone, Dixons Travel agus The Loop.

Chuidigh cáilíocht na mbialann agus na dtábhairní i gCríochfort 2 le hAerfort Bhaile Átha Cliath mórghradam idirnáisiúnta bia agus dí a bhaint le linn na bliana fosta.



Na Meáin Shóisialta

Ainmníodh cuntas Twitter Aerfort Bhaile Átha Cliath mar an Fotha Twitter is Fearr Aerfoirt i ngradaim na Moodies, na chéad ghradaim ar domhan a bhaineann go sainiúil le haerfoirt agus an réimse digiteach, réimse na nguthán póca agus réimse na meán sóisialta.

Fuarthas breis agus 160 aighneacht do na gradaim áirithe seo a aithníonn an nuálaíocht agus an feabhas ag aerfoirt agus ag miondíoltóirí in aerfoirt ar na meáin shóisialta. Tá na gradaim ainmnithe as Tuarascáil Moodie, foilsitheoir idirnáisiúnta agus oibritheoir suíomh gréasáin atá tiomanta don earnáil mhiondíola taistil dhomhanda agus d'earnáil na n-aerfort.

Tháinig Aerfort Bhaile Átha Cliath chun tosaigh ar Aerfort Mhanchain, a tháinig sa dara háit, i gcatagóir an Fhotha Twitter is fearr. Ainmníodh cúig aerfort eile don ghradam: Heathrow Londen, Schiphol Amstardam, Deilí Nua, Newcastle agus Briostó.

Cuirtear eolas nuashonraithe ar fáil go rialta ar chuntas Twitter Aerfort Bhaile Átha Cliath agus tá breis agus 41,000 leantóir aige in Éirinn agus thar sáile. Is é an séú cuntas Twitter is mó ar domhan é. Ainmníodh Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcúig chatagóir i nGradaim na Meán Sóisialta 2013 bronnta ag Fuinneamh Bhord Gáis.

Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ainmnithe anois faoi choinne 11 ghradam as a ghníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta le bliain anuas agus tá dhá ghradam ar leith buaite aige. Bhain DAA gradam don chomhpháirtíocht fhadtéarmach is fearr idir lucht gnó agus lucht na n-ealaíon in 2013. Bhí sé seo bunaithe ar urraíocht DAA ar Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath ó bhí 2007 ann, go sainiúil don fheachtas [@DublinAirport](#), feachtas a thug poiblíocht do léiriú shaothar James Joyce, Dubliners, ag an bhféile in 2012.

Baineadh úsáid ar dhóigh nuálach as na meáin shóisialta i bhfeachtas Dubliners le hurraíocht an aerfoirt ar na healaíona a phoibliú. Phostáil Aerfort Bhaile Átha Cliath blúirí gach lá ar SoundCloud agus baineadh úsáid as Pinterest, Twitter agus Facebook freisin.



Ionchur Eacnamaíochta:

Is comhlacht Éireannach bainistíochta aerfort atá faoi úinéireacht an stáit é DAA. Tá breis agus 2,500 duine fostaithe ann agus is é €575m láimhdeachas an ghrúpa in 2012. Díríonn oibríochtaí an chomhlachta in Éirinn ar aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí a bhainistiú agus a fhorbairt. Is é Aer Rianta Idirnáisiúnta, fochuideachta ar lán-úinéireacht, a dhéanann infheistíochtaí in aerfoirt agus i miondíol in aerfoirt thar lear.

Tá ról fíorthábhachtach ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ó thaobh a bheith ag freastal ar riachtanais turasóireachta agus ghnó. Anuraidh, tháinig nó d’imigh breis agus 21 milliún paisinéir as Éirinn a thaistil tríd an aer trí Aerfort Bhaile Átha Cliath nó Aerfort Chorcaí. Is ionann é sin agus 90% den iomlán. Is iad an dá aerfort seo a phléigh le 70% de na paisinéirí a tháinig isteach in oileán na hÉireann ar eitilt nó a d’imigh as ar eitilt in 2012.

Bíonn na haerfoirt ag freastal ar cheantair láidre, bheoga – an phríomhchathair agus an dara cathair agus na ceantair máguaird – agus tiomáineann siad go mór an fás eacnamaíochta sa dá áit. Is in Aerfort Bhaile Átha Cliath atá an cúigiú cuid, beagnach, de mhuintir Fhine Gall fostaithe agus tá níos mó ná 120 fiontar ag feidhmiú sna hearnálacha éagsúla, lóistíocht eitlíochta, lónadóireacht agus óstáin ina measc. Tá íocaíochtaí do rátaí agus do thobhaigh forbartha ar fiú breis agus €140m iad

déanta ag DAA do na húdaráis áitiúla a bhíonn ag plé leis na ceantair ina bhfuil na haerfoirt lonnaithe.

Mhéadaigh líon na bpaisinéirí in Aerfort Bhaile Átha Cliath ar 2% anuraidh go 19.1 milliún. Ba é seo an dara bliain as a chéile a raibh fás in Aerfort Bhaile Átha Cliath, príomhthairseach idirnáisiúnta na hÉireann.

Bhí 169 bealach á gcur ar fáil ó Bhaile Átha Cliath ag 55 aerlíne anuraidh agus thaistil 98% de na paisinéirí ar eitiltí sceidealaithe. Chuir 31 aerlíne sceidealaithe i mBaile Átha Cliath bealach go 150 áit ar fáil.

Bhain 2.3 milliún paisinéir san iomlán úsáid as Aerfort Chorcaí anuraidh, laghdú 1% ar an 12 mhí roimhe sin. Ba é an t-aon chúis amháin a bhí leis an laghdú ar líon na bpaisinéirí ná tionchar an laghdaithe leanúnaigh ar thrácht baile san aerfort; mhéadaigh trácht idirnáisiúnta ar 1% le linn 2012.

| Staitisticí 2012 | PAISINÉIRÍ | GLUAISEACHTAÍ AERÁRTHACH |
|------------------|------------|--------------------------|
| BÁC | 19.1m | 163670 |
| Corcaigh | 2.34m | 49138 |

An Áit Oibre

Déanann DAA infheistíocht inár bhfoireann in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ar na dóigheanna seo a leanas

Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Toghann ár bhfostaithe stiúrtóirí oibreora go díreach ar bhord DAA. Bíonn na stiúrtóirí seo ag obair i gcomhpháirtíocht leis na ceardchumainn éagsúla san aerfort a dhéanann ionadaíocht ar na grúpaí éagsúla.

Bíonn cumarsáid agus seisiúin rialta faisnéise againn leis an bhfoireann agus lena n-ionadaithe maidir le gach saincheist mhór a imríonn tionchar ar an ngnó.

Déantar suirbhéanna leis an bhfoireann go rialta lena chinntiú go bhfaightear a gcuid tuairimí agus go dtugtar san áireamh iad.

Forbairt na bhFostaithe

Tá trí ghné lenár gcur chuige i leith na foghlama agus na forbartha:

- Indibhidiúil
- Rannóga
- Straitéiseach

Bíonn ar gach fostaí aonair pleananna foghlama agus forbartha a chur i gcrích. Is ionann iad agus conarthaí foghlama leis an eagrais. Tá gach plean bunaithe ar scileanna, eolas agus saineolas indibhidiúil agus déantar monatóireacht orthu trí fhéinmheasúnú agus trí chreat leanúnach Forbartha Feidhmíochta agus Athbhreithnithe.

Éagsúlacht:

Aithníonn DAA an tábhacht a bhaineann leis an éagsúlacht san áit oibre mar léiriú ar phróifíl ilghnéitheach Éire an lae inniu agus an phobail a bhíonn ag taisteal tríd an aerfort. Tá Beartas “Meas agus Dínit ar Obair” i bhfeidhm agus tá treoirlínte soiléire leagtha amach ann i dtaca le hiompar daoine agus gníomhaireachtaí agus iad ag plé le comhghleacaithe, leis an bpobal agus le paisinéirí.

Déantar athbhreithniú go rialta ar bheartais an chomhlachta, “*Meas agus Dínit ar Obair*” san áireamh, lena chinntiú go mbíonn siad ábharthach agus cothrom le dáta.

Sláinte agus Sábháilteacht:

Lean DAA air de bheith ag díriú ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht ar obair le linn 2012. Tháinig laghdú 14% ar thaismí intuarascála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ní raibh taisme intuarascála ar bith ann ag Aerfort Chorcaí.

Seoladh Ráiteas úr Sábháilteachta an chomhlachta i mí na Nollag 2012. Tá sraith modúl ríomhfhoghlama á bhforbairt, a ghabhfaidh leis an Ráiteas, le feacht air agus ar oiliúint ionduchtaithe / athnuachana a ardú.

Ionchur Sóisialta

Mar bhall de Ghnó sa Phobal Éireann (www.bitc.ie), tá DAA ar na 46 comhlacht Éireannach a dhíríonn ar chúrsaí sóisialta atá luaite ar an Mapa Tionchair Ghnó.

Tá breis agus 4,800 comhpháirtíocht pobail déanta ag na comhlachtaí seo agus tá níos mó ná €21 milliún deonaithe acu in airgead tirim, mar dheonúcháin neamhairgeadais agus trí thiomsú airgid ag na fostaithe ar son carthanais áitiúla agus grúpaí pobail.



Baill Choiste Charthanais na Bliana ag seoladh 2013

Cuireann Gnó sa Phobal Éireann an fhaisnéis seo ar mhapa idirghníomhach ar líne dar teideal “An Mapa Tionchair Ghnó”. Tá briseadh síos ann, contae ar chontae, ar an méid tacaíochta a thug comhlachtaí agus a gcuid fostaithe do ghrúpaí pobail agus carthanais áitiúla in 2012.

Thug DAA tacaíocht i gcás 50 ceangal leis an bpobal in 2012, agus thug an fhoireann €250,000 do Barretstown trí Charthanais na Bliana. Is féidir tionchar díreach DAA agus na foirne againn a fheiceáil ar an Mapa ag an nasc thíos:

www.livemaps.bitc.ie/?company=daa

Tá próifíl de chur chuige pobail DAA le feiceáil ar ár leathanach féin, mar aon le nasc le físeán faoi imeachtaí Charthanais na Bliana don bhliain 2012 déanta ag Coiste Charthanais na Bliana.

Comhghairdeas leis an bhfoireann uile as a n-iarrachtaí in 2012 agus as an tacaíocht leanúnach a thugann siad do na pobail áitiúla agus do Charthanais na Bliana.

Súil Ar Aghaidh

Tá súil againn go raibh an t-athbhreithniú ar 2012 agus an léargas ar thionscnaimh in 2013 agus ina dhiaidh sin suimiúil. Tá súil againn freisin gur thugamar léargas ar an gcur chuige foirne a bhíonn ag DAA agus clár oibre na hInbhuanaitheachta á chur chun cinn againn, rud a chuireann ar ár gcumas dúinn a bheith freagrach go sóisialta agus neamhdhíobhálach don timpeallacht sa ghnó a dhéanaimid

Leanfaidh DAA ar aghaidh de bheith ag athbhreithniú a straitéise don Inbhuanaitheacht agus dá cur i bhfeidhm in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, agus déanfaimid de réir na ngealltanais againn atá leagtha amach sa Bheartas Inbhuanaitheachta. Cuideoidh sé sin le DAA a bheith ina oibritheoir freagrach aerfort trínár dtionchar ar an gcomhshaol agus ar na comharsana in aice linn a íoslaghdú agus, san am céanna, trí chur ar dhóigh dhearfach leis an tsochaí ina mbímid ag oibriú.

Ba mhaith linn cuireadh a thabhairt duit a bheith i dteagmháil leis an gcomhlacht ar na meáin shóisialta i dtaca le cúrsaí Inbhuanaitheachta agus le saincheisteanna eile a bhaineann léi.

Is féidir leat teacht ar fhaisnéis níos sonraithe maidir le DAA agus lenár gcur chuige i leith na hInbhuanaitheachta ar: www.daa.ie/gns/company-profile/sustainability.aspx

Lena chinntiú go bhfuil DAA, ár bhfostaithe, na paisinéirí agus an pobal mór ag Taisteal i dTreo na hInbhuanaitheachta, is féidir leat do smaointe a chur chuig: sustainability@daa.ie

Sustainability Statistics – Performance to Date

| TOPAIC | TÁSCAIRE | FEIDHMÍOCHT | | |
|-------------------|---------------|-------------|---------|----------|
| Astuithe Car-bóin | Tonáí CO2 | 2010 | 2011 | 2012 |
| | BÁC | 25800 | 24,112* | 21,713** |
| | Corcaigh | 5945 | 5239 | 5045 |
| Uisce | m3 | 2010 | 2011 | 2012 |
| | Dublin | 538493 | 470176 | 454769 |
| | Corcaigh | 54330 | 64160 | 58644 |
| Dramháil | Tonnes | 2010 | 2011 | 2012 |
| | BÁC | 4046 | 3626 | 3442 |
| | Corcaigh | 273 | 235 | 246 |
| Athchúrsáil | Athchúrsáilte | 2010 | 2011 | 2012 |
| | BÁC | 18% | 34% | 37% |
| | Corcaigh | 34% | 31% | 30% |

*
Dublin Footprint 2011
= 35,009 Tonnes
including T2

**
Dublin Footprint 2012
= 33,015 Tonnes
including T2

T2 will be integrated as part of Dublin Airport's overall carbon footprint for Airport Carbon Accreditation from 2014 as per programme requirements.

Scéim na Gaeilge

I mí Lúnasa 2013, sheol DAA céad scéim teanga an chomhlachta, rud a chiallaíonn go mbeidh tuilleadh faisnéise agus seirbhísí ar fáil i nGaeilge do chustaiméirí agus don fhoireann.

Ullmhaíodh an scéim, a mhaireann trí bliana, de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tairgtear seirbhísí sa bhreis orthu siúd a bhíonn a éilítear faoin acht tríd an scéim.

Ar na seirbhísí feabhsaithe tá faisnéis ábhartha a chur ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh ghréasáin agus preasráitis dhátheangacha nuair is cuí.

As seo amach, tabharfaidh DAA tuairisc ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur i bhfeidhm na scéime sa Tuairisc bhliantúil Nuashonraithe ar an Inbhuanaitheacht. Tá an fhaisnéis iomlán ar an scéim le feiceáil ar www.daa.ie

Cad é mar a dhéanann DAA an Inbhuanaitheacht a bhainistiú?

Tá cur chuige na hinbhuanaitheachta agus na freagrachta sóisialta mar bhunchloch na hoibre le fada an lá ag DAA agus aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus na gnónna a bhaineann leo á bhforbairt agus á mbainistiú.

Tá tiomantas DAA do chur chuige na hinbhuanaitheachta agus na freagrachta sóisialta ag teacht le forbairt beartas náisiúnta agus Eorpach. Ar an mbonn sin, thosaíomar ag tuairisciú go foirmiúil i dtaca leis an Inbhuanaitheacht sa bhliain 2009.

Bhí tionscnaimh againn thiar sna 1980idí le tacaíocht a thabhairt do na pobail áitiúla agus tá obair charthanachta idir lámha ag ár bhfoireann chomh fada siar leis an tréimhse sin freisin. Bhíodh Féile Ealaíon Aerfort Bhaile Átha Cliath ar siúl go rialta an t-am sin agus bhí baint againn ar feadh i bhfad le comórtais Cheoltóir na Bliana i Sord agus i Mullach Íde.

Ní hamhlaidh atá aon rannóg ná grúpa beag ar leith freagrach as an Straitéis Inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm. Is dúshlán é atá roimh gach uile bhall foirne i ngach aon rannóg sa chomhlacht. Is é cuspóir na Tuairisce seo ar an Inbhuanaitheacht léargas a thabhairt d'fhoireann DAA, do na paisinéirí agus don phobal mór ar an dóigh a mbímid ag plé leis an Inbhuanaitheacht, é sin agus cuid de na rannóga agus de na daoine a bhíonn ag cuidiú linn taisteal i dtreo na hInbhuanaitheachta a chur i láthair.

Tá Beatas Inbhuanaitheachta DAA ag croílár ár gcuid oibre. Is í an Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Comhshaoil a fhorbraíonn an beartas seo agus tá an rannóg seo mar chuid den fhoireann Seirbhísí Corparáideacha. Déanann an Grúpa Tograí Inbhuanaitheachta athbhreithniú ar an mbeartas agus déanann Príomhfheidhmeannach DAA, Kevin Toland, é a fhaomhadh agus a shíniú ina dhiaidh sin.

Nóta
Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht de réir idió absalóideach acmhainní (e.g. tonna) agus de réir bearta páirteacha táirgiúlachta amháil fuinneamh in aghaidh an phaisinéara nó fuinneamh in aghaidh an m2.

| TOPAIC | TÁSCAIRE | SPRIOCANNA | | |
|------------------|--|------------------------|------|------|
| | | 2012 | 2013 | 2014 |
| Astuithe Carbóin | BÁC | -2% | -2% | -2% |
| | Corcaigh | -2% | -2% | -2% |
| Laghdú Fuinnimh | BÁC | -3% | -3% | -3% |
| | Corcaigh | -3% | -3% | -3% |
| Fuinnimh | Feabhas 33% ar Éifeachtúlacht Fuinnimh faoi 2020 | | | |
| Caomhnú Uisce | Dublin | -3% | -3% | -3% |
| | Corcaigh | -3% | -3% | -3% |
| Recycling | BÁC | 35% | 35% | 50% |
| | Corcaigh | Ní bhaineann le hábhar | | 40% |

www.daa.ie/gns/company-profile/sustainability.aspx

Cuir do chuid smaointe agus aiseolais chugainn ag sustainability@daa.ie

Á cuntais Twitter ag na haerfoirt

→ [@DublinAirport](https://twitter.com/DublinAirport)

→ [@Cork_Airport](https://twitter.com/Cork_Airport)

→ Tá cuntais Facebook ag na haerfoirt freisin.